Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# IS na Gaeilge

## Tuarascáil ar Anailís Bearnaí agus ar Léargas ó Pháirtithe Leasmhara

Márta 2026

Údarás na Gaeltachta

EY
Shape the future with confidence

# Achoimre Fheidhmeach



Sa tuarascáil seo cuirtear anailís bearnaí chuimsitheach agus tacar léargais ó pháirtithe leasmhara i láthair chun todhchaí na hIntleachta Saorga (IS) a threorú mar uirlis chun tacú leis an nGaeilge ar fud na seirbhísí poiblí.

Déantar measúnú sa staidéar seo, atá coimisiúnaithe ag Údarás na Gaeltachta, ar an gcumas atá ann faoi láthair, aithnítear deiseanna ardtionchair agus déantar cur síos ar threochlár praiticiúil chun tacú le cur chun feidhme.

Ainneoin go bhfuil glacadh IS ag fás ar fud na hÉireann, tá úsáid IS-chumasaithe na Gaeilge i seirbhísí poiblí teoranta go dtí seo. Trí oibriú le páirtithe leasmhara agus taighde spriocdhírithe a dhéanamh, tarraingítear aird sa tuarascáil ar thrí chás úsáide tosaíochta: botaí comhrá seirbhíse poiblí guthbhunaithe, cúntóir comhrá IS-chuidithe do chainteoirí Gaeilge ar gach leibhéal cumais, agus uirlisí oideachais teanga freagartha gutha. Baineann gach ceann acu sin lántairbhe as teicneolaíochtaí coiteanna - teanga go téacs, téacs go teanga agus samhail teanga mhór (STM).

Sa tuarascáil seo déantar scrúdú ar phríomhchumasóirí freisin—lena n-áirítear tacaíocht reachtach, taighde nua agus leas na hearnála poiblí—agus déantar scrúdú chomh maith ar dhúshláin leanúnacha cosúil le sonraí a fháil, éagsúlacht chanúnach agus tacaíocht theoranta do dhíoltóirí.

Trí ardán IS guth go guth aontaithe a fhorbairt, is féidir leis an tseirbhís phoiblí seirbhísí úrnua a chur ar fáil trí Ghaeilge, freastal ar oibleagáidí beartais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus cur le hathbheochan níos ginearálta na teanga mar chuid den saol laethúil in éineacht le huasoiliúint na ndaoine cumasacha a bheidh ag teastáil chun spriocanna 2030 a chomhlíonadh.

Faoin mbliain 2030, táthar ag súil go mbeidh 20% d'earcaigh nua na hearnála poiblí inniúil sa Ghaeilge.

Trí phobail labhartha na Gaeilge a leabú i gclár claochlaithe dhigitigh na tíre, feidhmeoidh an t-eintiteas mar chumasóir straitéiseach do nuálaíocht seirbhíse poiblí, scaipeadh saineolais maidir le ETIM, ionchuimsitheacht shochaíoch agus athbheochan theangeolaíoch.

# CLÁR

Glacann Údarás na Gaeltachta leis an obair seo mar an chéad chéim shuntasach chun an Ghaeilge a leabú ar bhealach fiúntach i dtodhchaí dhigiteach na hÉireann.


1 Réamhrá

2 IS na Gaeilge in Údarás go dtí seo

3 Deiseanna margaidh a tugadh faoi deara

4 Tuiscint ar bhuntáistí na bpríomh-smaointe

5 Cumasóirí agus dúshláin mhargaidh

6 Treochlár

7 Conclúid

8 Aguisín



# Réamhrá

**€250bn**

An tsuim mheasta a chuirfidh IS le hOTI na hÉireann faoin mbliain 2035.

**15%**

Sciar na n-eagraíochtaí Éireannacha atá ag úsáid teicneolaíochtaí IS.

## Is ionann forbairt agus glacadh brostaithe na hIntleachta Saorga (IS) agus deis shuntasach agus dúshlán mór don Ghaeilge

De bhrí go bhfuil níos mó tionchair de réir a chéile ag teicneolaíochtaí digiteacha ar ár modhanna cumarsáide agus oibre, agus ar sheirbhísí rochtana, ní mór a chinntiú ní hamháin go bhfuil an Ghaeilge á caomhnú ach go bhfuil an Ghaeilge á cur san áireamh sa todhchaí digiteach ar bhealach fiúntach freisin.

Ós é an t-údarás reachtúil atá freagrach as forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha na Gaeltachta, aithníonn Údarás na Gaeltachta (an tÚdarás) an ról faoi leith a chaithfidh sé a ghlacadh air féin chun a chinntiú go mbeidh an Ghaeilge in úsáid mar theanga bheo agus ábhartha sa domhan IS-chumasaithe.

Is léir ó shonraí atá curtha ar fáil le déanaí go bhfuil méadú suntasach tagtha ar an úsáid atá á baint as IS ar fud na hÉireann. IS ar fud na hÉireann. Léiríonn sonraí le déanaí go bhfuil méadú suntasach tagtha ar ghlacadh na hintleachta saorga ar fud na hÉireann. D'fhoilsigh an Rialtas a Straitéis Dhigiteach agus IS náisiúnta nuashonraithe i mí Feabhra 2026, *Digital Ireland – Connecting our People, Securing our Future*, a leagann amach 20 cuspóir ardleibhéil agus 90 toradh insoláthartha chun seasamh na hÉireann mar cheannaire domhanda agus mar mhol IS a neartú faoi 2030 (Roinn an Taoisigh, 2026).

In 2024, thuairiscigh breis is 15% d'fhiontair gur bhain siad úsáid as teicneolaíochtaí IS, sin beagnach dhá oiread i gcomparáid le 2023, nuair is 8% a bhí i gceist. I measc na bhfiontar mór, tá úsáid á baint ag breis is leath díobh as IS ina gcuid oibríochtaí, agus tá IS in úsáid ag 30% d'fhiontair le haghaidh sreafaí oibre uathoibrithe nó chun cinntí a dhéanamh, agus tá IS in úsáid ag 28% d'fhiontair le haghaidh mianadóireacht sonraí (RTÉ, 2025). Lena chois sin, tugtar le fios i dtuarascáil a d'fhoilsigh Coláiste na Tríonóide, BÁC, in éineacht le Microsoft Projects, go gcuirfidh IS ar a laghad €250bn ar fáil do OTI na hÉireann faoin mbliain 2035 (Táthar ag súil go gcuirfidh IS €250bn ar fáil do Gheilleagar na hÉireann faoin mbliain 2035 - Scéalta & Imeachtaí | Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, 2025).

Ainneoin go bhfuil úsáid á baint as IS go tapa, tá úsáid na Gaeilge i bhfeidhmchláir IS fós teoranta. Bhí Straitéis Náisiúnta IS na hÉireann dírithe den chuid is mó ar chórais Bhéarla, rud a tharraing aird ar bhearna shuntasach chomh fada is a bhain le tacaíocht theicneolaíoch agus acmhainní digiteacha don Ghaeilge (Springer, 2023). Leagann an difríocht seo béim ar an bpráinn atá ag baint le tionscnaimh spriocdhírithe chun réitigh IS a fhorbairt a thacaíonn le agus a chuireann an Ghaeilge chun cinn ar bhealach gníomhach.

Is éard atá sa tuarascáil seo ná Anailís Bearnaí agus Léargas ó Pháirtithe Leasmhara. Ba é Údarás na Gaeltachta a choimisiúnaigh an staidéar chun measúnú a dhéanamh ar staid IS na Gaeilge i láthair na huaire, chun deiseanna forbartha a aithint agus chun treochlár a chur ar fáil do ghníomhaíocht is féidir a dhéanamh amach anseo.

Roinntear an tuarascáil seo ina ceithre phríomhréimse:




## 1

### Gníomhaíochtaí reatha agus dul chun cinn

Léargas ginearálta ar an obair atá déanta go dtí seo ag an Údarás chun IS a chur san áireamh i gcur chun cinn agus i gcaomhnú na Gaeilge, lena n-áirítear tionscnaimh, tionscadail phíolótacha agus comhpháirtíochtaí tosaigh.

## 2

### Tuairimí agus deiseanna

Eolas bailithe ag an Údarás trína obair leanúnach le hearnáil phoiblí na hÉireann, agus aird a tharraingt ar réimsí sonracha a bhfuil éileamh orthu ina bhfuil réitigh IS atá oiriúnach don Ghaeilge ar fáil nó a d'fhéadfadh luach soiléir a chur ar fáil.

## 3

### Cumasóirí margaidh

Athbhreithniú ar na huirlisí, teicneolaíochtaí, tacair sonraí agus tionscnaimh chomhoibríocha a d'fhéadfadh tacú le forbairt agus le úsáid réitigh IS na Gaeilge.

## 4

### Treochlár don Todhchaí

Achoimre straitéiseach ar na chéad chéimeanna molta eile chun déileáil le bearnaí atá ann cheana féin, obair le páirtithe leasmhara a threisiú (páirtithe leasmhara gnó agus teicniúla), nuálaíocht a chothabháil agus tacú le comhoibriú sa timpeallacht IS agus teanga in Éirinn.

Agus an tuarascáil seo á cur i dtoll a chéile, tá sé mar aidhm ag Údarás na Gaeltachta bonn eolais a chur ar fáil do chinnteoireacht, gníomh comhordaithe a spreagadh agus an bhunchloch a leagan do thodhchaí ina mbeidh an Ghaeilge á caomhnú agus ag dul ó neart go neart freisin sa timpeallacht IS agus nuálaíochta digití atá ag forbairt go tapa.

Ionas gur féidir an fhís seo a chomhlíonadh beidh gá le rannpháirtíocht ghníomhach an rialtais, an tionscail, oideoirí agus pobal. Tá deis ar leith ag Údarás na Gaeltachta na hiarrachtaí seo a chomhordú, timpeallacht chomhoibríoch a fhorbairt ina mbeidh ról lárnach ag an nGaeilge i gclaochlú digiteach na hÉireann.



# IS na Gaeilge san Údarás go dtí seo

**Ag teacht lena mhisean chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus a choinneáil beo sna réigiúin Ghaeltachta, ghlac Údarás na Gaeltachta páirt ar bhonn réamhghníomhach i roinnt tionscnamh go dtí seo chun a chinntiú go bhfuil an Ghaeilge á cur san áireamh sa timpeallacht Intleachta Saorga (IS) atá ag forbairt.**

Tá na hiarrachtaí seo mar bhonn leis an ngealltanas atá tugtha ag an Údarás maidir leis an oidhreacht theangeolaíoch a chaomhnú agus tairbhe a bhaint as forbairt na teicneolaíochta ag an am céanna.

# Cruthúnas Coincheapa a Fhorbairt do Bhotaí Comhrá Gaeilge

D’oibrigh Údarás na Gaeltachta i gcomhar le EY chun feidhmeanna féideartha IS don Ghaeilge a aithint agus chun Cruthúnas Coincheapa (CC) tosaigh a fhorbairt. Mar thoradh ar an gcomhshaothar seo forbraíodh CC inar léiríodh an tslí is féidir le IS Giniúnach bota comhrá Béarla a athrú go dtí bota comhrá Gaeilge gan aon fhorbairt TF bhreise.

Tarraingítear aird sa CC ar inmharthanacht úsáid IS na Gaeilge inscálaithe ar fud na gcóras atá ann cheana féin, agus forbraíodh é mar chomhpháirt in-athúsáidte a bhféadfadh aon eagraíocht earnála poiblí in Éirinn úsáid a bhaint aisti. Lena chois sin, mar thoradh ar an tionscadal forbraíodh treochlár teicneolaíochta inar leagadh amach na teicneolaíochtaí bunúsacha ar féidir glacadh leo as seo go ceann roinnt blianta mar aon le príomhchásanna úsáide ar féidir iad a chur ar fáil leis na teicneolaíochtaí bunúsacha seo.




*Seatanna scáileáin de CC bhota comhrá neh.gov.ie in úsáid ar shuíomh gréasáin an Údaráis*

**Meastóireacht ar Shamhalacha IS don Ghaeilge**

Chun teacht ar thuiscint níos fearr ar na féidearthachtaí agus ar na srianta a bhaineann le samhlacha IS difriúla is féidir a úsáid chun an Ghaeilge a phróiseáil agus chun cumas níos fadtéarmaí a chur ar fáil chun Samhlacha Teanga Mhór (STManna) difriúla ar an margadh a thagarmharcáil, oibreoidh Údarás na Gaeltachta lena chomhpháirtithe chun tacar cuimsitheach tagarmharcanna a fhorbairt chun feidhmíocht STManna Gaeilge a mheas.

Is é an aidhm atá leis an tionscnamh seo caighdeáin tagarmharcála atá dinimiciúil agus ar ardchaighdeán a bhunú a bheidh in úsáid mar bheart údarásach chomh fada is a bhaineann le féidearthachtaí IS na Gaeilge, agus ag an am céanna tabharfar aird ar chosaint sonraí agus cuirfear cosc ar mhilleadh samhla.

Bainfear úsáid as an tacar tagarmharcála chun meastóireacht a dhéanamh ar chúig phríomhréimse: inniúlacht teanga, cruinneas agus líofacht ó thaobh na gramadaí a thomhas; aistriúchán déthreoch idir Gaeilge agus Béarla; eolas ginearálta ar stair, cultúr agus sochaí na hÉireann; réasúnaíocht chiallmhar i gcomhthéacsanna Éireannacha; agus feidhmíocht a bhaineann le héagsúlachtaí canúnacha agus foirmeacha stairiúla na teanga.

Cabhróidh an mheastóireacht chomparáideach seo chun na samhlacha is fearr a aithint mar aon le pointí iontrála oiriúnacha d’fhorbairt a dhéanfar amach anseo agus do bharrfheabhsú uirlisí IS na Gaeilge.

## Ollscoil na Gaillimhe - Measúnú ar Thacar Sonraí

Tá Údarás na Gaeltachta páirteach i gcomhpháirtíocht chuimsitheach le hOllscoil na Gaillimhe a bhfuil sé mar aidhm léi catalóg chórasach a chruthú de bhailiúcháin dhigiteacha Ghaeilge.

Mar chuid den tionscnamh comhoibríoch seo déanfar iniúchadh cuimsitheach ar institiúidí atá á maoiniú go poiblí, eagraíochtaí acadúla agus comhlachtaí atá ag feidhmiú trí Ghaeilge chun ábhair Ghaeilge atá digitithe a aithint agus a dhoiciméadú, ábhair atá oiriúnach do shamhlacha oiliúna IS.

I rith an tionscadail seo baileogar eolas mionsonraithe, ar bhealach córasach, maidir le hacmhainní atá ar fáil cheana féin, déanfar anailís ar chaighdeán, fairsinge agus formáid an ábhair, agus eagrófar ábhar ó phríomhfhoinsí i gcatalóg lena n-áirítear Raidió na Gaeltachta, RTÉ, TG4 agus an Gúm.

Príomhghné den obair é scrúdú a dhéanamh ar na ceisteanna teicniúla, dlíthiúla agus eiticiúla nach mór d'eagraíochtaí bailithe a fhreagairt sula gcuirfidh siad a dtacair sonraí ar fáil d'oiliúint samhlacha teanga mhór, agus é mar aidhm fardal iniúchta de bhailiúcháin atá ar fáil a chur i dtoll a chéile mar aon le creat ceisteanna a threoróidh forbairt IS amach anseo i bpróiseáil na Gaeilge.

## Ag foghlaim ó Chomhlachtaí Eile sa Earnáil Phoiblí




*Alt foilsithe ag OpenAI faoin úsáid shuntasach atá á baint as samhlacha GPT chun Íoslainnis a chaomhnú.*

Tá scrúdú déanta ag an Údarás ar dhea-chleachtais idirnáisiúnta trí dhul i gcomhaile le comhlachtaí san earnáil phoiblí i dtíortha eile ina bhfuil teangacha nach bhfuil mórán acmhainní ar fáil dóibh á labhairt.

Bhí tairbhe le baint as comhoibriú leis an Íoslainn de bhrí go bhfuil 370,000 saoránach na tíre sin den tuairim go bhfuil na dúshláin atá le sárú acu chun a dteanga a chaomhnú cosúil leis na dúshláin atá le sárú in Éirinn ag tréimhse ama ina bhfuil dul chun cinn dochreidte á dhéanamh i gcomhthéacs comhoibrithe chun a dteanga a chaomhnú. I mí Aibreán 2024, rinne POF Miðeind, Linda Heimisdóttir, cur i láthair ag imeacht a bhain leis an bPlean Digiteach IS don Ghaeilge chun próiseas Miðeind agus an méid a d'fhoghlaim sé a roinnt.

Reáchtaladh imeacht eile cosúil leis sin i mí na Bealtaine, 2025 agus i measc na rannpháirtithe bhí daoine ó Thír na mBascach, as an Albain agus as tíortha eile.

## Taighde ar Phaitinní chun Tuiscint a fháil ar Threochtaí

Chun tuiscint níos fearr a fháil ar an timpeallacht theicneolaíoch i dtionscal teicneolaíochta IS na Gaeilge, d'oibrigh an tÚdarás le Corvers, comhlacht dlí atá ag díriú go speisialta ar sholáthar nuálaíochta agus ar anailís MI.

Thacaigh an comhshaothar seo le cuardach cuimsitheach ar phaitinní, a thug léargas ar theicneolaíochtaí agus réimsí nua ina bhfuil nuálaíocht ag tarlú cheana féin i bhfearann IS na Gaeilge – rud a chinnteoidh nach dúbailt iarrachta a bheidh sna céimeanna a chuirfear i gcrích maidir le hIS na Gaeilge amach anseo.

## Comhpháirtíocht Ollscoile chun Réiteach Teanga go Teanga a fhorbairt




*Seat scáileáin de abair.ie, a forbraíodh chun léargas a thabhairt ar chumas IS comhrá a dhéanamh trí Ghaeilge.*

Trí bheith ag obair in éineacht le Abair, foireann taighde atá bunaithe i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, thacaigh an tÚdarás chun cruthúnas coincheapa a fhorbairt do réiteach IS atá bunaithe ar chaint. Tá an córas in ann éisteacht le Gaeilge labhartha agus freagairt i gcanúint Gaeilge roghnaithe.

Ní hamháin go dtuigeann an tionscname seo léargas ar chumas IS chun comhrá a dhéanamh trí Ghaeilge ar bhonn fíor-ama, ach léiríonn sé freisin na feabhsuithe suntasacha atá tagtha ar chumas IS chun idirdhealú a dhéanamh idir canúintí difriúla na Gaeilge, gné thábhachtach de réitigh IS na Gaeilge a fhorbrófar amach anseo.

## Comhordú leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe (RCPSPFNA)

Chuaigh an tÚdarás i mbun dlúthchomhordaithe le RCPSPFNA chun a iarrachtaí éagsúla a bhain le IS a ailíniú le straitéisí náisiúnta digiteacha. Cinntíonn an fiontar comhoibríoch seo go bhfuil tionscnaimh IS Ghaeilge comhtháite le spriocanna claochlaithe níos ginearálta na hearnála poiblí.

Garsprioc shuntasach a comhlíonadh le déanaí ba ea tionscnamh náisiúnta a raibh sé mar aidhm leis uirlis IS a fhorbairt atá in ann próiseáil fíor-ama a dhéanamh ar fhiosrúcháin chainte agus ar fhreagairtí trí Ghaeilge. I mí Dheireadh Fómhair 2024, d'fhógair an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Catherine Martin TD, agus an tAire Stáit don Ghaeltacht, Spóirt agus Corpoideachas, Thomas Byrne TD, go raibh an Plean Náisiúnta do Sheirbhísí Poiblí Gaeilge 2024-2030 foilsithe, lena n-áirítear an fógra don phróiseas tairisceana don tionscnamh seo - dar teideal Ard-Intleacht na Gaeilge (Gov.ie, 2024).[1]

[1] Ard-Intleacht na Gaeilge (gov.ie)

## Garsprioc Náisiúnta an Tionscnaimh IS Cainte

Trí Nós Imeachta Comhpháirtíochta Nuálaíochta AE, d'eisigh Údarás na Gaeltachta Fógra Réamhfhaisnéise (FRF) chun measúnú a dhéanamh ar leas agus ar acmhainn an mhargaidh. I ndiaidh freagraí a fháil, i láthair na huaire tá athbhreithniú á dhéanamh ag an Údarás ar an gcéad chéim eile den phróiseas soláthair chun cinneadh a dhéanamh maidir le scóip agus riachtanais na nósanna imeachta tairisceana foirmiúla. San athbhreithniú seo cuimsítear torthaí ó léirbhreithniú ar an litríocht ar IS sa réimse seo cheana féin mar aon le léargas a bailíodh trí chomhairliúchán poiblí a rinneadh i Ráithe 4 2024, agus rinneadh anailís ar fhreagraí i Ráithe 1 2025. Deis a bhí sa Chomhairliúchán Margaidh Oscailte do sholáthraithe teicneolaíochta, taighdeoirí agus páirtithe leasmhara chun a saineolas agus tuairimí féin maidir le teicneolaíochtaí IS na Gaeilge a roinnt. Tá na tuairimí sin á gcur san áireamh i dtreo straitéiseach an Údaráis don tionscnamh seo trí fhaisnéis riachtanach faoin margadh a chur ar fáil i ndáil leis an dúshlán soláthair.

I mí Meithimh 2025, d'fhorbairt Údarás na Gaeltachta plean straitéiseach dar teideal 'Uirlisí IS don Ghaeilge: Deiseanna agus Dúshláin'. Tá athbhreithniú cuimsitheach le fáil sa doiciméad seo ar gach tionscadal reatha a bhaineann le IS a bhfuiltear ag obair orthu ar fud na heagraíochta agus déantar cur síos freisin ar na pleananna atá ann maidir leis na tionscnaimh seo a fhorbairt as seo go ceann 12 mhí. Sa phlean scrúdaítear na sruthanna oibre atá ann faoi láthair, déantar meastóireacht ar dhul chun cinn atá déanta faoin tráth seo agus bunaítear treochlár soiléir d'fhorbairt amach anseo fad is atá gach gníomhaíocht IS á comhdhlúthú i ndoiciméad aonair chun léargas soiléir a thabhairt do pháirtithe leasmhara ar an méid atá beartaithe ag an Údarás a chur i gcrích sa réimse seo. Deis a bhí ann do pháirtithe leasmhara freisin chun aiseolas a chur ar fáil maidir leis an doiciméad agus aon mholadh nó tuairim ábhartha a roinnt.

Tá léargas le fáil sa phlean straitéiseach ar fhís Údarás na Gaeltachta teicneolaíocht a chomhtháthú go héasca le húsáid na Gaeilge chun timpeallacht a chruthú ina laghdaítear an deighilt dhigiteach idir cainteoirí Gaeilge agus ina dtacaítear agus ina bhfeabhsaítear rannpháirtíocht theangeolaíoch le pobail na Gaeltachta. Mar dhoiciméad beo, is é an aidhm atá ann go mbeidh an plean solúbtha agus oiriúnaitheach, faoi réir athbhreithnithe agus leasaithe nuair a thagann athrú ar chúrsaí i dtimpeallacht na hintleachta saorga atá ag athrú go tapa. Cuireadh an páipéar i láthair Choiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge agus an Choiste Chomhairligh um Ghaeilge sa Réimse Digiteach. Tá sé ar fáil don phobal ar shuíomh gréasáin Údarás na Gaeltachta.

# Deiseanna margaidh a tugadh faoi deara



**Bhí gné den obair a rinne an tÚdarás le páirtithe leasmhara na hearnála poiblí dírithe ar na deiseanna is féidir le IS a chruthú d'earnáil phoiblí na hÉireann i bhfoirm smaointe sonracha a chruthaigh agus a mheas páirtithe leasmhara na hearnála poiblí a aithint.**

Bhí an obair seo le páirtithe leasmhara dírithe ar an 8 Bealtaine 2025 tráth ar reáchtáil an tÚdarás ceardlann idirghníomhach i nGaillimh chun na smaointe seo a fhorbairt trí chur chuige cáilitheach, oibriú le hionadaithe ó eagraíochtaí éagsúla san earnáil phoiblí.

**Rinneadh EY éascú gairmiúil ar phlé tráth a ndearna rannpháirtithe an méid seo a leanas:**

- Pléadh an cumas atá ann i láthair na huaire
- Aithníodh na príomhbhearnaí
- Rinneadh scrúdú ar chásanna nuálacha IS trí chomhrá struchtúrtha a bhí á threorú ag persona a bhí aitheanta mar fhoinse inspioráide

I rith na gceardlann, tharraing páirtithe leasmhara na hearnála poiblí aird go leanúnach ar an bhféidearthacht a bhaineann le IS chun oibríochtaí agus seirbhísí na hearnála poiblí a fheabhsú go suntasach trí sholáthar seirbhíse, éifeachtúlacht riaracháin agus bainistíocht comhlíonta a fheabhsú. Glacadh le réitigh IS mar uirlisí a bheadh in ann bacainní acmhainne a shárú, gnáth-thascanna a chuíchóiriú agus sástacht úsáideoirí a fheabhsú trí idirghníomhaíochtaí a bhí freagrúil agus cruinn ó thaobh cúrsaí teanga de.

## Trí thascanna atá á ndéanamh de láimh i láthair na huaire a uathoibriú agus a mhéadú, is féidir le IS cabhrú chun acmhainní daonna a atreorú chuig gníomhaíochtaí ardluacha, agus ar an tslí sin, tacú le seachadadh seirbhíse níos éifeachtaí.

Lena chois sin, leagadh béim shuntasach ar chumas IS tacú le hAcht na dTeangacha Oifigiúla a chomhlíonadh trí mhonatóireacht agus tuairisciú a uathoibriú, agus ar an tslí sin, b'fhéidir go bhféadfaí rioscaí comhlíonta a laghdú agus trédhearcacht agus cuntasacht a fheabhsú.

Tá neart féidearthachtaí ag baint leis an raon deiseanna IS a aithníodh mar chuid den obair seo leis na páirtithe leasmhara, chomh fada is a bhaineann le tionchar dearfach a imirt ar earnáil phoiblí na hÉireann trí ionchuimsitheacht theangeolaíoch, éifeachtúlacht oibriúcháin agus comhlíonadh rialála a fheabhsú. Is fianaise í an spéis atá á léiriú sna teicneolaíochtaí seo ar an bhféidearthacht a bhaineann leo chun an tslí a gcuirtear seirbhísí Gaeilge ar fáil a athrú. Tá achoimre ar na príomhsmaointe a ndearna rannpháirtithe san anailís seo meastóireacht orthu le fáil ar an gcéad leathanach eile.

Aithníodh na smaointe seo nuair a bhíothas i mbun machnaimh, ansin rinneadh meastóireacht orthu i bhfianaise na féidearthachta a bhain leo chun luach a chur ar fáil don earnáil phoiblí agus do shaoránaigh agus chun meastóireacht a dhéanamh ar an gcastacht a bhain leis na réitigh a chur ar fáil.

*Bhí na smaointe bunaithe ar phlé a rinneadh nuair a bhí an obair ar siúl agus ní hionann iad agus deiseanna sonracha chun úsáid a bhaint as IS in eagraíochtaí sonracha.*

*Tá níos mó eolais faoin gcomhthéacs le fáil ar na leathanaigh ina dhiaidh seo atá dírithe ar an gcaoi a bhfuil cuid de na catagóirí seo ábhartha do roinnt cásanna úsáide sonracha in eagraíochtaí nó i gcomhthéacsanna difriúla.*

# Catagóir Úsáide IS a aithníodh ag Ceardlann an 8 Bealtaine

## Botaí Comhrá/Cúntóirí Fíorúla

Tá IS Giniúnach i ndiaidh cur le cumas comhráiteach réiteach IS agus tá aird tarraingthe ar na deiseanna a chruthaíonn a leithéid seo don earnáil phoiblí in go leor comhthéacsanna difriúla; lena n-áirítear seirbhísí poiblí bunaithe ar IS a chur ar fáil ar an teileafón in ionaid teagmhála agus uirlisí comhráiteacha nua a chur ar fáil a bheidh in ann tacú le próisis riaracháin mar aon le huirlisí cuiditheacha do chuspóirí oideachais - luach a chur ar fáil trí chostas a laghdú agus trí eispéiris don saoránach a fheabhsú.

## Aistriúchán & Profáil

I láthair na huaire, tá aistriú agus profáil téacsanna Gaeilge á ndéanamh trí acmhainní inmheánacha nó seachfhoinsiú. De bhrí nach bhfuil ach acmhainní teoranta inmheánacha ar fáil chun aistriúchán agus profáil a dhéanamh, baineann go leor eagraíochtaí tairbhe as rogha sheachfhoinsithe níos costasaí. Is féidir le IS laghdú suntasach a chur ar an méid ama a theastaíonn chun aistriúchán agus profáil a dhéanamh trí fhorbairt a dhéanamh ar uirlisí aistriúcháin IS nua nó trí chumas Gaeilge uirlisí profála atá ar fáil cheana féin a chumasú.

## Uathoibriú Doiciméad

D'fhéadfadh giniúint uathoibrithe doiciméid dátheangach, cosúil le hachoimrí cruinnithe, tuarascálacha riaracháin agus gnáth-chomhfhreagras, na hualaí oibre aistriúcháin láimhe a laghdú go suntasach, agus doiciméid atá i gcomhréir lena chéile, atá tráthúil agus cruinn ó thaobh na teanga de a chur ar fáil. D'fhéadfaí tairbhe ar leith a bhaint as an acmhainn Seo chun trédhearcacht agus Éifeachtúlacht chumarsáide a chinntiú ar Fud comhlachtaí earnála poiblí.




## Anailís agus Tuairisciú ar Shonraí as Gaeilge

Is féidir le huirlisí anailíseacha IS go leor sonraí a bhaineann le seirbhís phoiblí, le haiseolas pbail agus le feidhmíocht chomhlíonta a phróiseáil agus a thuiscint, agus léargas inghníomhaithe agus tuarascálacha cuimsitheacha trí Ghaeilge a chur ar fáil. Tacaíonn uirlisí mar sin chun cinntí atá bunaithe ar shonraí a dhéanamh, agus cabhraíonn siad le húdaráis chun teacht ar thuiscint níos fearr ar riachtanais an phobail agus chun acmhainní a leithdháileadh go straitéiseach.

## Oiliúint, acmhainní & uasoiliúint

Ní hamháin gur féidir tairbhe a bhaint as IS chun Gaeilge a mhúineadh trí dheis a thabhairt do dhaoine páirt a ghlacadh i gcomhrá trí Ghaeilge, ciallaíonn IS freisin gur féidir ábhar oiliúna trí Ghaeilge a chur ar fáil sa chás nach bhfuil a leithéid ar fáil i láthair na huaire. D'fhéadfadh sé sin cur ar bhealach suntasach le caighdeán mhúineadh na Gaeilge agus chomh maith leis sin, cabhrú chun dlús a chur le hinniúlacht níos airde sa Ghaeilge in eagraíochtaí poiblí agus feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí poiblí trí Ghaeilge de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla.

## Uath-Ghiniúint Ábhair

D'fhéadfadh podchraoltaí agus ábhar Gaeilge a chruthú trí úsáid a bhaint as IS cur le rannpháirtíocht an phobail trí raon feabhsaithe ábhar nuálach agus éasca le húsáid a chur ar fáil don phobal i gcoitinne. Is féidir tairbhe a bhaint as an bhformáid seo go háirithe chun tacú le foghlaim, chun eolas poiblí a scaipeadh agus chun tacú le gníomhaíochtaí cultúrtha, agus dul i bhfeidhm ar phobail éagsúla agus tacú le níos mó úsáide a bheith á baint as an teanga i gcomhthéacsanna laethúla.



# Tuiscint ar bhuntáistí na bpríomh-smaointe

**I measc na smaointe ar fad a tháinig chun cinn i rith an phróisis seo, tarraingíodh aird ar thrí smaoineamh mar na príomhréitigh IS a d'fhéadfadh an luach is fearr is féidir a chur ar fáil d'earnáil phoiblí na hÉireann.**

Fócasghrúpaí aonair a roghnaigh na smaointe seo in éineacht lena chéile ar an 8 Bealtaine. Ainneoin go bhfuil cumas IS-chumasaithe coiteann ag baint leis na trí smaoineamh, tá buntáiste ag baint leo ar bhealaí difriúla.

Ar na leathanaigh seo a leanas, tá achoimre ar na smaointe maidir le cásanna úsáide le fáil.




# Bota Comhrá do Sheirbhísí Poiblí

## Tá roinnt eagraíochtaí poiblí den tuairim go bhfuil dúshlán ag baint le seirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil do shaoránaigh ar an teileafón.

Go minic, gné a chuireann srian leis na seirbhísí seo ná líon na gcainteoirí líofa Gaeilge atá ar fáil sna heagraíochtaí seo. Ní bhíonn sé seo mar bhonn le heaspa seirbhísí áirithe i gcónaí, ach bíonn sé mar bhonn le caighdeán níos ísle státseirbhísí de bhrí nach gá go mbeadh seirbhísigh phoiblí a bhfuil an saineolas seirbhísí agus an líofacht sa teanga acu ar fáil i gcónaí. Tharraing Séamas Ó Concheanainn, an Coimisinéir Teanga, aird ar an nganntanas seirbhísí idirghníomhacha ar líne, seirbhísí eolais ar an teileafón agus deasc cabhrach trí Ghaeilge arb ionann é agus ceann de na bearnaí is suntasaí sna seirbhísí poiblí i láthair na huaire (An Coimisinéir Teanga, 2025).

Is féidir an dúshlán seo a mhaolú, go pointe áirithe, trí chomhráite IS trí Ghaeilge ar línte teileafóin (agus ar chainéil eile) chun déileáil le gnáthfhiosrúcháin a bhíonn ag saoránaigh le haghaidh comhlachtaí earnála poiblí difriúla. Trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht guth-go-guth, is féidir le IS éisteacht le fiosrúcháin úsáideoirí, freagraí a chur ar fáil agus freagairt ar an teileafón díreach cosúil le duine daonna.

## Buntáistí

- Éifeachtúlachtaí i soláthar seirbhísí poiblí trí Ghaeilge
- Seirbhís mhéadaithe (b'fhéidir go bhféadfaí seirbhís 24/7) a chur ar fáil
- Soláthar seirbhísí ar ardchaighdeán trí Ghaeilge go leanúnach - déileáil le bearnaí atá aitheanta ag príomhpháirtithe leasmhara Gaeilge
- Iarracht a dhéanamh úsáid ghinearálta na Gaeilge sa saol laethúil a mhéadú

Tá an meánráta pá in aghaidh na huaire a íoctar le fostaí in ionad teagmhála in Éirinn cothrom le €16.7/uair (payscale.com). Sin meastachán coimeádach maidir le hionadaí seirbhíse poiblí a bhfuil seirbhísí poiblí ar an teileafón á gcur ar fáil aige/aici. Bunaithe ar dhaonáireamh 2022, tharla ~72,000 comhrá Gaeilge taobh amuigh den timpeallacht oideachais (cso.ie).

Ag glacadh leis nár bhain ach 2% de na comhráite seo le seirbhísí poinlí agus gur mhair gach comhrá cúig nóiméad ar an meán, d'fhéadfadh córas IS uathoibrithe níos mó ná €440,000 a shábháil gach bliain ar chostais foirne freagartha glaonna amháin. Lena chois sin, tá níos mó ná €1m sannta sa tréimhse idir 2024-2026 chun tacú le scileanna Gaeilge seirbhíseach poiblí (gov.ie) a bhféadfaí úsáid a bhaint as chun feabhas a chur ar na hiarrachtaí atá á ndéanamh seirbhísí Gaeilge a chur ar fáil i níos mó comhthéacsanna.




# Bota Comhrá Comhráiteach

## An dúshlán

Dúshlán a mheastar atá ann do dhaoine óga den chuid is mó in Éirinn, ná go bhfuil go leor acu ag iarraidh an Ghaeilge a úsáid ina saol laethúil ach níl siad páirteach i bpobal labhartha Gaeilge i.e. níl cónaí orthu i gceantar Gaeltachta.

Tagraíodh roinnt mhaith uaireanta i rith na seisiún do dhaoine aonair a raibh fonn orthu Gaeilge a labhairt ach nach raibh áit ar bith ar fáil dóibh chun páirt a ghlacadh i gcomhrá trí Ghaeilge. Chun a leithéid a sheachaint, smaoineamh amháin a bhí ann ná go bhféadfaí 'Cara' a chruthú, bota comhrá IS-chumasaithe chun daoine de gach aois a spreagadh chun Gaeilge a labhairt i ngnáthshuíomhanna laethúla agus neamhfhoirmiúla, comhráite a bheith acu maidir le hábhair éagsúla (de réir rialacha agus na dtreoirlínte sábháilteachta agus príobhaideachais ar fad), chun a gcuid Gaeilge a úsáid go simplí i suíomh neamhfhoirmiúil a thacaíonn le húsáid níos réchúisí na Gaeilge.

## Buntáistí

- Níos mó úsáide a bhaint as an nGaeilge, agus na spriocanna beartais maidir le cainteoirí laethúla 2030 a chomhlíonadh
- Pobal labhartha na Gaeilge feabhsaithe
- Léargas sonraí maidir le húsáid neamhfhoirmiúil na Gaeilge

In 2022, de réir an daonáirimh (cso.ie) bhí thart ar 72,000 cainteoir laethúil Gaeilge sa tír, laghdú, ar an drochuair, i gcomparáid leis na blianta roimhe sin. Ó tharla go bhfuiltear ag iarraidh go mbeidh 250,000 cainteoir laethúil Gaeilge sa tír in 2030 (gov.ie), tá bearnaí suntasacha le dúnadh.

Ní hamháin go gcrúthódh an réiteach seo modh nua chun úsáid na Gaeilge a mhéadú, ach is acmhainn bhreise sonraí a bheadh ann chun cabhrú le tuilleadh tomhais a dhéanamh agus tuilleadh doiciméad maidir le húsáid na Gaeilge a chur i dtoll a chéile.




# Oideachas Comhrá Gutha

**Go minic, gealltar go n-athróidh IS cúrsaí oideachais, ach nuair is mionteangacha atá i gceist, tá dúshlán mór le sárú.**

Cuireadh in iúl go mbaineann dúshlán le hábhair oideachaid trí Ghaeilge a fháil go rialta, agus dá bhrí sin, tá úsáid a bhaint as oideachas Gaeilge bunaithe ar chomhrá curtha chun cinn mar bhealach iontach chun IS a úsáid.

Is é an aidhm atá leis an smaoineamh seo ná réiteach idirghníomhach gutha a chruthú, úsáid a bhaint as ábhair foinse churaclaim agus oideachais atá ar fáil cheana, a chumasaíonn comhráite idir mic léinn Éireannacha (trí institiúidí oideachais nó go príobháideach chun cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge agus chun measúnú uathoibríoch fíor-ama a dhéanamh ar a scileanna teanga (stór focal agus fuaimniú), agus measúnú a dhéanamh de réir a chéile freisin, chun teacht ar thuiscint ar fhorbairt a scileanna Gaeilge.

## Buntáistí

- Tacaíocht oideachais a threisíonn caighdeán na Gaeilge i scoileanna
- Breis éifeachtúlachta san oideachas, a íslíonn an costas in aghaidh an mhic léinn
- Méadracht bheartais 2030 do chainteoirí Gaeilge laethúla
- Níos mó tacaíochta chun seirbhísí poiblí trí Ghaeilge a chur ar fáil

Tá dúshláin shuntasacha ag baint le Gaeilge a theagasc i meánscoileanna, lena n-áirítear cumas difriúil ag mic léinn, taithí theoranta ar chomhrá a dhéanamh trí Ghaeilge, agus acmhainní srianta do mhúinteoirí. Leagadh béim san aiseolas a fuarthas i rith seisiún le páirtithe leasmhara ar an bpointe go mbíonn modhanna traidisiúnta seomra ranga ag streachailt go minic chun gach foghlaimeoir a spreagadh agus chun dul in oiriúint dá riachtanais shonracha.

Príomhthéama ón bplé ba ea go bhféadfadh réitigh chomhrá IS-chuidithe eispéiris foghlama shaincheaptha, oiriúnaitheacha a chur ar fáil— cabhrú le mic léinn a bheith muiníneach, aiseolas láithreach a fháil agus dul chun cinn a dhéanamh ag luas atá oiriúnach dóibh. D'fhéadfadh an cur chuige seo déileáil le bearnaí i modhanna teagaisc atá in úsáid faoi láthair trína chinntiú go mbeidh sé níos éasca díriú ar an nGaeilge agus go mbeidh spéis á cur ag mic léinn le cúlraí difriúla sa teanga.

In 2025, tá 1.95m foghlaimeoir Gaeilge cláraithe chun an aip foghlama teanga is cáiliúla ar domhan, Duolingo, a úsáid. Is fianaise é sin ar an méadú atá ag teacht ar spéis san oideachas Gaeilge taobh amuigh den seomra ranga traidisiúnta agus ar an éileamh atá air.

# Cumasóirí & dúshláin margaidh




**Ainneoin go bhfuil níos mó spéise á cur, ag leibhéal náisiúnta, in IS agus go mbeidh IS freagrach as thart ar €250bn a chur ar fáil do gheilleagar na hÉireann faoin mbliain 2035, de réir eolais atá curtha ar fáil ag Coláiste na Tríonóide, BÁC agus Microsoft*, i láthair na huaire ní tairbhe shuntasach á baint as teicneolaíochtaí IS san earnáil phoiblí in Éirinn chun seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge.**

*[Eolas le fáil i dtuarascáil maidir leis na féidearthachtaí geilleagracha suntasacha a bhaineann le IS (Ionas um Ghnó Dhigiteach agus Anailísíocht (IGDA), 2025)]*

Tá codarsnacht mhór idir an easpa dul chun cinn seo agus na héifeachtaí poiblí níos ginearálta a bhfuiltear ag súil a bheidh ag an teicneolaíocht agus an líon níos mó de shamplaí idirnáisiúnta, cosúil le straitéis IS náisiúnta na hÍoslainne chun oidhreacht theangeolaíoch a chaomhnú le IS.

**Ní gá glacadh leis an easpa IS trí Ghaeilge sa tseirbhís phoiblí mar fhianaise ar easpa uaillmhéine nó feasachta - seachas sin, d’fhéadfaí glacadh leis mar fhianaise ar dhúshlán córasach a bhaineann leis an gcás gnó a dhéanamh le haghaidh infheistíochtaí den chineál sin.**

Sa lá atá inniu ann, níl mórán seirbhísí poiblí trí Ghaeilge amháin á gcur ar fáil, rud a chiallaíonn go bhfuil líon na ndaoine a bheidh ag baint úsáid as réitigh IS Ghaeilge réasúnta beag agus sonrach go minic. Dá bharr sin, d’fhéadfadh comhlachtaí poiblí a bheith ag streachailt chun infheistíocht a dhéanamh i réitigh IS nach bhfuil ag freastal ach ar chéatadán beag dá bpobal seirbhíse iomlán, go háirithe i bhfianaise acmhainní teoranta agus tosaíochtaí claochlaithe dhigitigh iomaíocha.

Os a choinne sin, gan cásanna úsáide forleathana, níl sé éasca comharthaí éilimh láidre a bhunú don earnáil phríobháideach (m.sh., mórchuideachtaí teicneolaíochta) chun freagairt dóibh - rud is cúis le timthriall ina bhfuil infheistíocht theoranta mar bhonn le nuálaíocht theoranta, rud a threisíonn an easpa glacachta.

De bhrí nach bhfuil ach forbairt theoranta déanta i réimse na Gaeilge, tá sé ríthábhachtach go mbeadh sonraí ar fáil chun tacú le hoiliúint samhlacha IS na Gaeilge. Tá roinnt foinsí de shonraí den chineál sin aitheanta cheana féin trí eagraíochtaí cosúil le RTÉ agus TG4, áit a bhfuil sonraí téacsúla agus fuaime ar fáil agus roinnt sonraí físeáin freisin a d’fhéadfaí a úsáid chun samhlacha IS na Gaeilge a chumasú. Ach ionas gur féidir na sonraí a úsáid ní mór teacht ar thuiscint shoiléir ar scóip úsáide na sonraí, lena n-áirítear na dúshláin dlí a d’fhéadfadh a bheith ag baint le m.sh. úsáid chóir, toiliú, etc. Dá réir sin, d’fhéadfadh dúshláin a bheith ag baint leis na sonraí ar ardchaighdeán a shíltear atá ar fáil a aimsiú.

Ainneoin na ndúshlán thuasluaite, tá an chuma ar an scéal nach n-éilíonn an timpeallacht reachtaíochta i ndáil le húsáid na Gaeilge úsáid a bhaint as IS a chabhraíonn chun dlús a chur le meon dearfach maidir le IS ar fud seirbhísí poiblí mar uirlis mhéadaithe agus uathoibrithe – seachas teicneolaíocht a chuireann faitíos orainn.

Ar na leathanaigh ina dhiaidh seo, tá léaráidí le fáil ina bhfuil eolas maidir leis na príomhchumasóirí agus dúshláin ghaolmhara ar tagraíodh dóibh agus a tugadh faoi deara tríd an obair le heagraíochtaí earnála poiblí difriúla.

# CUMASÓIRÍ

1

## Cúlra láidir reachtaíochta in Éirinn agus san Eoraip

Tá earnáil phoiblí na hÉireann á rialú ag creat dlí a chiallaíonn nach mór seirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil, lena n-áirítear Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003, 2021) agus an Plean Náisiúnta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge, 2024–2030. Tá oibleagáidí soiléire sonraithe sna doiciméid seo, a chruthaíonn éileamh leanúnach beartais ar réitigh Ghaeilge.




2

## Suim mhéadaithe san IS in earnáil phoiblí na hÉireann

Is ionann an spéis mhór in IS, atá le tabhairt faoi deara i gcomhlachtaí poiblí Éireannacha, agus timpeallacht thorthúil chun cásanna úsáide Gaeilge nua a eagrú ar bhonn píolótach. Thug seirbhísigh phoiblí le fios go bhfuil siad toilteanach glacadh le réitigh nuálacha - ar choinníoll go bhfuil siad seo iontaofa agus go gcuirtear cúrsaí cultúir san áireamh iontu.

3

## Taithí agus comhoibriú láidir san Údarás

Bhí tionscadail fiosraithe á stiúradh ag Údarás na Gaeltachta, cosúil le tionscadail phíolótacha IS agus fréamhshamhlacha botaí comhrá, rud a chruthaigh féidearthacht theicniúil. Lena chois sin, is léir ó chás-staidéir ó thíortha eile go bhféadfadh teangacha nach bhfuil mórán acmhainní ar fáil dóibh dul ó neart go neart nuair a dhéanann institiúidí poiblí infheistíochtaí spriocdhírithe.

4

## Taighde atá déanta cheana féin ar IS in Éirinn

Ainneoin go bhfuil timpeallacht taighde na hÉireann fós á forbairt, tá tionscnaimh áirithe bunaithe a bhfuil sé mar aidhm leo réitigh IS atá oiriúnach don Ghaeilge a fhorbairt. In ionann na hiarrachtaí seo agus rannpháirtíocht an Údaráis agus túsphointe don chomhoibriú agus don dlús a d'fhéadfaí a chur leis an obair.

5

## Foinsí sonraí móra aitheanta chun samhail IS a oiliúint

Tá roinnt foinsí sonraí luachmhara d'oiliúint shamhail IS Ghaeilge aitheanta in éineacht le heagraíochtaí cosúil le TG4 agus RTÉ, rud a chiallaíonn go bhfuil go leor féidearthachtaí ag baint le cúrsaí oiliúna.

Réamhrá
IS na Gaeilge in Údarás go dtí seo
Deiseanna margaidh a tugadh faoi deara
Tuiscint ar bhuntáistí na bpríomh-smaointe
Cumasaigh agus dúshláin an mhargaidh
Treochlár
Conclúid
Aguisín

# DÚSHLÁIN




**1**

### Easpa soiléire maidir le glacadh le teicneolaíochtaí IS go praiticiúil

Cé go bhfuil tacar treoirlínte soiléire foilsithe ag earnáil phoiblí na hÉireann chun réitigh IS fhreagracha a fhorbairt, tá an taithí phraiticiúil ar na prionsabail seo a chur chun feidhme fós teoranta, rud is cúis leis an tuiscint go bhfuil riosca ag baint le cumas eagraíochtaí poiblí aonair na teicneolaíochtaí seo a úsáid ar bhealach freagrach.

**2**

### Ceisteanna a bhaineann le muinín, feidhmíocht agus caighdeán

Go minic thagair páirtithe leasmhara d'easpa muiníne in aibíocht agus cruinneas IS na Gaeilge. Glactar le botúin san aistriúchán nó le léargas mícheart ar na canúintí ní hamháin mar locht teicniúil ach mar rioscaí don chreidiúnacht institiúideach agus do mhuinín an phobail de bhrí go bhfuil pobal labhartha na Gaeilge an-chosantach chomh fada is a bhaineann le cúrsaí teanga.

**3**

### Castachtaí Teangeolaíocha agus Cultúrtha

Mar gheall ar dhúshláin a bhaineann leis an nGaeilge, lena n-áirítear an pointe nach bhfuil mórán acmhainní ar fáil don Ghaeilge, bacainní Logánaithe agus Siabhráin IS b'fhéidir – cruthaítear dúshláin mhóra le haghaidh IS agus don Ghaeilge.

Éiríonn na srianta seo níos measa nuair a dhéantar iarracht samhlacha IS ilchuspóireacha a aistriú chuig seirbhísí atá ag feidhmiú ag grád táirgeachta a fhreastalaíonn ar ionchais úsáideoirí.

**4**

### Easpa feasachta i measc díoltóirí Mórchuideachtaí Teicneolaíochta maidir le hinfheistíochtaí sa Ghaeilge

Fad is atá timpeallacht láidir á forbairt, tá an chuma ar an scéal go bhfuil dearmad déanta ag mórchuideachtaí teicneolaíochta ar phíosa den phuzal. Tá go leor dúshlán ag baint le cumas Gaeilge a chur le huirlisí atá ar fáil cheana féin m.sh., GAMAM[1], mar gheall ar an leibhéal teoranta úsáide Gaeilge agus, dá bhrí sin, an cás gnó chun úsáid a bhaint astu seo.

**5**

### Foinsí sonraí oiriúnacha a fháil agus a úsáid

Tá na tacair sonraí don Ghaeilge do réimsí speisialta (m.sh. dlí, sláinte, oideachas) fós teoranta. Fiú amháin sa chás go bhfuil sonraí ar fáil, cuireann ceisteanna a bhaineann le maoin intleachtúil, úsáid chóir agus soláthar srian leis an úsáid a bhaintear astu rud a chiallaíonn nach féidir iad a úsáid ach le haghaidh samhlacha IS oiliúna.

[1] Google, Amazon, Meta, Apple agus Microsoft



# Treochlár

**Léirítear inár dtorthaí go soiléir ainneoin go bhfuil fonn ar agus go bhfuil ordú dlí ag earnáil phoiblí na hÉireann chun seirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil, go bhfuil bearnaí teicniúla agus oibriúcháin fós ann.**

Tá an bealach chun cinn soiléir freisin, áfach. Mar a aithníodh trí obair a dhéanamh le páirtithe leasmhara agus bunaithe ar mheastóireacht chomhoibríoch a rinneadh i rith na ceardlainne i nGaillimh ar an 8 Bealtaine 2025, tháinig trí chás úsáide a mbeidh tionchar mór acu chun cinn mar iarrthóirí tosaíochta do chun chun feidhme ar dtús: Botaí comhrá seirbhíse poiblí, 'Cara' an cara comhrá Gaeilge agus Oideachas comhrá guthbhunaithe.

Roghnaíodh na cásanna úsáide seo mar gheall ar na féidearthachtaí a bhain leo chun déileáil le brú suntasach ar shaoránaigh agus ar sheirbhísigh phoiblí, ach freisin de bhrí go raibh siad ailínithe le luach poiblí agus le cuspóirí beartais. Buntáiste breise a bhaineann le hordú tosaíochta na 3 chás úsáide seo is ea an tslí a bhfuiltear ag brath ar bhunchloch theicneolaíoch choiteann.

## Teanga go Téacs (TT)

Is teicneolaíocht í teanga go téacs a éisteann leis an méid a deir duine agus a athraíonn an méid sin go dtí focail scríofa. Oibríonn an teicneolaíocht seo trí bhogearraí IS a úsáid chun fuaimeanna na teanga a aithint agus chun iad a mheaitseáil leis na focail chearta. Tá an teicneolaíocht seo úsáideach chun rudaí éagsúla a dhéanamh cosúil le teachtaireachtaí a dheachtú, glórtheachtaireachtaí a thaifeadadh nó cabhrú le daoine idirghníomhú le córais lámhshaora, cosúil le feidhmchláir ar an teileafón nó guthbhunaithe.

## Téacs go Teanga (TGT)

Glacann téacs go teanga le téacs scríofa agus athraíonn sé é ina fhocail scríofa trí úsáid a bhaint as guth ríomhghinte. Tugann sé deis do ghléasanna cosúil le teileafóin, ríomhairí nó córais uathoibrithe eolas ‘a roinnt’ os ard. D’fhéadfadh sé seo cabhrú le daoine chun teachtaireachtaí a léamh, treoracha labhartha a thabhairt nó seirbhísí a chur ar fáil do dhaoine a bhfuil lagú radhairc orthu nó a bhfuil deacrachtaí léitheoireachta acu.

## Inneall IS comhráiteach (arna chumhachtú, go hiondúil, ag STM)

Is ionann inneall comhráiteach atá bunaithe ar Shamhail Teanga Mhór (STM) agus cineál IS atá in ann teanga nádúrtha a thuiscint agus freagairt ar bhealach atá cosúil le comhrá ceart. Baineann STM úsáid as an méid a deir nó chlóscríobhann úsáideoir, tuigeann sé an bhrí agus ansin gineann sé freagra cliste agus ábhartha. Cumhachtaíonn an teicneolaíocht seo rudaí cosúil le botaí comhrá, cúntóirí fíorúla agus deasca cabhrach uathoibrithe, agus is féidir iad a úsáid ar chainéil dhifriúla – lena n-áirítear guth agus téacs – chun idirghníomhaíochtaí tapa agus cabhrach a chur ar fáil gan aon ghá a bheith le gníomhaire daonna.




Is ionann an chosúlacht seo idir teicneolaíochtaí bunúsacha agus deis straitéiseach chun ardán aontaithe a dhearadh agus a úsáid a thacaíonn leis na trí chás úsáide—lántairbhe a bhaint as athúsáid bonneagair, dlús a chur le hamanna seachadta agus bunsraith inscálaithe a chruthú le haghaidh nuálaíocht amach anseo.

Ainneoin go bhfuil go leor cásanna úsáide ann d'fheidhmchlár IS sa Ghaeilge, is í an chéad chéim ná ardán a bhunú le haghaidh idirghníomhaíochtaí gutha. Tríd an méid sin a dhéanamh ní hamháin go gcuirtear na trí chomhpháirt ar leith atá riachtanach ar fáil, ach bíonn sé riachtanach freisin iad a chomhtháthú in ardán amháin agus tá an t-ardán aontaithe le cur i gcomhthéacs gach ceann de na cásanna úsáide. Dá bhrí sin, tá na céimeanna seo a leanas riachtanach chun an chéad cheann den 3 chás úsáide tosaíochta a dhíghlasáil:

**Na comhpháirteanna IS riachtanacha Gaeilge a fhorbairt agus a úsáid i dtimpeallacht shábháilte (TT, TGT agus STM)**

Mar chuid den obair a bhaineann leis na comhpháirteanna IS riachtanacha a úsáid, tá príomhchéimeanna ag teastáil:

- Anailís agus cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil roghanna margaidh atá ar fáil faoi láthair le haghaidh úsáid ar an bpointe boise oiriúnach chun freastal ar riachtanais na n-úsáidí a bhainfidh an Ghaeilge as an teicneolaíocht i láthair na huaire agus amach anseo
- Sa chás go bhfuil córais ar fáil sa mhargadh cheana, úsáid a bhaint as na córais seo i dtimpeallacht shábháilte agus/nó faoi théarmaí conarthacha infheidhme
- Sa chás nach mór córais IS nua a fhorbairt, ní mór díriú ar bhailiú sonraí, innealtóireacht, oiliúint, tástáil agus úsáid na samhla IS atá ag teastáil

**Cumas IS a aontú in uirlis óstáilte aonair le haghaidh comhráite IS Gaeilge**

Ionas nach mbeadh na comhpháirteanna aonair ag feidhmiú mar chomhpháirteanna neamhspleácha, ach mar chuid de chumas guth-go-guth, ní mór go mbeadh na huirlisí aontaithe in aon ardán amháin. Tá roinnt céimeanna i gceist, lena n-áirítear:

- Úsáid na n-uirlisí, chun cumarsáid a dhéanamh eatarthu trí fheidhmchlár amháin
- Eagrú sreafaí oibre, a chinntiú go bhfuil na huirlisí cearta in úsáid ag an am ceart sa sruth comhráiteach guth go guth

**An uirlis a logánú do chás úsáide sonraí**

Seachas a bheith díreach in ann caint le húsáideoirí, ní ghlactar leis an réiteach aontaithe mar chás úsáide dáiríre ach amháin nuair a bhíonn an t-eolas ceart, cuimhne agus cumas riachtanach eile ar fáil. Dá bhrí sin, tá an méid seo a leanas ag teastáil le haghaidh na gcéimeanna deiridh:

- Na foinsí eolais cearta a chur ar fáil ionas gur féidir freagraí comhráiteacha a chur ar fáil do chás úsáide sonrach
- Cuimhne agus loighic a chur san áireamh chun feidhmiúlacht a bheidh bunaithe ar chinntí a chur ar fáil d'úsáideoirí bunaithe ar chomhráite
- Úsáidí tosaigh ionas gur féidir leis an réiteach oibriú sa timpeallacht atá beartaithe d'idirghníomhaíocht úsáideora

Is é an aidhm atá ag Údarás na Gaeltachta uirlis IS guth go guth cruthúnais choincheapa a sheoladh don earnáil phoiblí faoi dheireadh 2026, agus suíomhanna tástála roghnaithe a úsáid chun triail a bhaint as leagan píolótach agus chun measúnú a dhéanamh ar an réiteach i suíomhanna dáiríre. Ní hamháin go gcumasóidh sé seo na cásanna úsáide is airde luacha ach cabhróidh sé chun go leor cásanna úsáide IS Gaeilge eile a chur ar fáil atá aitheanta roimhe seo mar aon le cásanna a aithneofar as seo go ceann bliana.

# Conclúid



**Sa tuarascáil seo tarraingíodh aird ar an ngá atá le agus ar an deis atá ann úsáid a bhaint as Intleacht Shaorga chun tacú leis an nGaeilge agus chun an Ghaeilge a athbheochan ar fud na seirbhísí poiblí.**

Trí anailís bearnaí a dhéanamh agus trí oibriú le páirtithe leasmhara, bunaithe ar cheardlann lae a reáchtáladh i nGaillimh ar an 8 Bealtaine, is léir go bhfuil nasc láidir idir aidhmeanna beartais, cumas teicneolaíoch agus spéis na hearnála poiblí san obair.

Go dtí seo tá an cheannaireacht atá léirithe ag Údarás na Gaeltachta ag feidhmiú mar bhunchloch láidir mar thoradh ar na tionscadail phíolótacha a cuireadh i gcrích ag tús an phróisis, comhoibriú idirghníomhaireachta agus cásanna úsáide ardluacha a aithint. Is fianaise é an tús áite atá á thabhairt do thrí phríomhchás úsáide; seirbhís phoiblí ghuthbhunaithe, foghlaim conas comhrá a bheith agat le duine éigin trí Ghaeilge agus cairde comhrá do dhaoine óga, ar an tslí is féidir le IS freastal ar riachtanais úsáideoirí difriúla agus tacú ag an am céanna le cuspóirí beartais náisiúnta cosúil leis an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge.

Tá an treochlár atá leagtha síos praiticiúil agus inscálaithe: trí infheistíocht a dhéanamh in ardán teicniúil roinnte bunaithe ar theanga go téacs, téacs go teanga agus teicneolaíochtaí IS comhráiteacha, beidh an tÚdarás in ann dlús a chur le cur chun feidhme, dúbailt a sheachaint agus tionchar a mhéadú. Ionas go mbeidh rath ar an obair, áfach, beidh gá le comhoibriú go leanúnach, aird ar leith a thabhairt ar chúrsaí teangeolaíocha agus cultúrtha agus cur chuige réamhghníomhach maidir le rialachas agus úsáid fhreagrach a bhaint as IS.

Tá deis ar leith ag Údarás na Gaeltachta chun ról lárnach comhordúcháin a imirt san iarracht náisiúnta seo. Mar an comhlacht poiblí ag a bhfuil an deis is fearr sa chomhthéacs seo, is féidir le hÚdarás na Gaeltachta páirtithe leasmhara a thabhairt le chéile, dlús a chur le glacadh agus tacú le hinfheictheacht agus le hábharthacht na Gaeilge sa ré dhigiteach.

Anois an t-am chun díriú ar an obair seo: trí ghlacadh le ról mar chomhordaitheoir agus mar fhoinse tacaíochta le haghaidh IS trí Ghaeilge, is féidir le hÚdarás na Gaeltachta a chinntiú ní hamháin go mbeidh ról ag an nGaeilge i dtodhchaí dhigiteach, ach go mbeidh rath ar an nGaeilge sna blianta fada amach romhainn.

.



# Aguisín

# Aguisín A - Gluais

Tugtar gluais sa tábla thíos chun sainmhíniú a thabhairt ar na téarmaí a úsáidtear sa tuarascáil.

| Téarma | Giorrúchán | Sainmhíniú |
|---|---|---|
| Intleacht Shaorga | IS | Aithris a dhéanamh ar fhaisnéis dhaonna in innill ionas gur féidir le hinnill tascanna a chur i gcrích cosúil le teanga a thuiscint, patrúin a aithing agus cinntí a dhéanamh. |
| Samhail Teanga Mhór | *STM* | Samhail IS atá bunaithe ar go leor tacar sonraí a úsáidtear chun téacs a chruthú cosúil le téacs a chruthódh duine agus chun ceisteanna casta maidir le teanga a thuiscint |
| Samhail Teanga Bheag | *STB* | Leagan níos lú de STM, a úsáidtear i dtimpeallachtaí nach bhfuil ach méid áirithe acmhainní le fáil iontu ach ag an am céanna tá feidhmíocht réasúnta á cinntiú. |
| Teanga go Téacs | *TT* | Teicneolaíocht a athraíonn an teanga labhartha go dtí téacs scríofa, a úsáidtear i gcórais tras-scríbhinne agus comhéadain ghutha. |
| Téacs go Teanga | *TGT* | Teicneolaíocht a athraíonn téacs scríofa go dtí guth labhartha. |
| An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí | *RGCS* | Rialachán i ndlí an AE maidir le cosaint sonraí agus príobháideachas. |
| An Coimisinéir Teanga | – | An Coimisinéir Teanga, an té atá freagrach as súil a choinneáil ar an tslí a bhfuil reachtaíocht a bhaineann leis an nGaeilge á comhlíonadh. |
| Acht na dTeangacha Oifigiúla | – | Reachtaíocht atá achtaithe chun tacú le húsáid na Gaeilge i dteachtaireachtaí agus seirbhísí poiblí oifigiúla in Éirinn. |
| Comhéadan Feidhmchláir | *CF* | Tacar rialacha a thugann deis d'fheidhmchláir bogearraí difriúla cumarsáid a dhéanamh lena chéile agus sonraí a roinnt. |
| Oibríochtaí Meaisínfhoghlama | *OMF* | Cleachtais a úsáideann meaisínfhoghlaim agus oibríochtaí TF chun samhlacha IS a bhainistiú agus a úsáid ar bhealach iontaofa agus éifeachtach. |
| Príomhtháscaire Feidhmíochta | *PTF* | Luach a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar cé chomh héifeachtach is atá cuspóirí á gcomhlíonadh. |
| Comhpháirtíocht Phoiblí-Phríobháideach | *CPP* | Comhaontú comhoibríoch idir earnálacha poiblí agus príobháideacha chun seirbhís phoiblí nó tionscadal a chur ar fáil. |
| Samhail Bhunúsach | – | Samhail IS mhór atá bunaithe ar shonraí ginearálta agus ar féidir í a úsáid chun tascanna éagsúla a dhéanamh. |
| Gaeltacht | – | Réigiúin in Éirinn inarb í an Ghaeilge an phríomhtheanga labhartha. |
| Claochlú Digiteach | – | Teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid i ngach gné d'eagraíocht, chun oibríochtaí agus soláthar seirbhísí a athrú ó bhonn. |
| Samhail il-oiriúnach | – | Córas nó ardán is féidir a úsáid le roinnt samhlacha IS, nach bhfuil ag brath ar réiteach amháin. |
| Cruthúnas Coincheapa | *CC* | Bealach chun a léiriú gur féidir coincheapa nó teoiricí áirithe a úsáid sa saol laethúil. |
| Breisiú Sonraí | – | Teicnící a úsáidtear chun méid agus éagsúlacht na sonraí oiliúna atá ar fáil do shamhlacha meaisínfhoghlama a mhéadú. |
| Toradh ar Infheistíocht | *TI* | Modh a úsáidtear chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht nó ar bhrabúsacht infheistíochta. |
| Ionchuimsiú Teangeolaíoch | – | A chinntiú go bhfuil an deis chéanna ag gach pobal teanga, go háirithe cainteoirí mionteanga, teacht ar sheirbhísí agus ar theachtaireachtaí poiblí. |
| Próiseáil Teanga Nádúrtha | *PTN* | Brainse de IS a bhfuil sé mar aidhm leis cabhrú le hinnill teanga dhaonna a thuiscint, a léirmhíniú agus a ghiniúint. |
| Coibhéis Lánaimseartha | *CL* | Aonad a thagraíonn d'ualach oibre duine atá fostaithe ar bhealach a chiallaíonn gur féidir ualaí oibre a chur i gcomparáid lena chéile i gcomhthéacsanna difriúla. |
| Ionad Bairr Feabhais | *IBF* | Foireann nó eintiteas a sholáthraíonn ceannaireacht, dea-chleachtais agus tacaíocht i réimse ar leith, cosúil le IS na Gaeilge. |
| Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide | *FBM* | Gnóthaí nach bhfuil ach líon áirithe pearsanra acu. |
| IS Ghiniúnach | *ISGhin* | Cineál córas IS atá in ann téacs, fuaim, íomhánna nó meáin eile a ghiniúint, bunaithe ar leideanna nó ar chomhthéacs roimhe seo go minic. |

**EY** | Building a better working world

EY is building a better working world by creating new value for clients, people, society and the planet, while building trust in capital markets.

Enabled by data, IS and advanced technology, EY teams help clients shape the future with confidence and develop answers for the most pressing issues of today and tomorrow.

EY teams work across a full spectrum of services in assurance, consulting, tax, strategy and transactions. Fueled by sector insights, a globally connected, multi-disciplinary network and diverse ecosystem partners, EY teams can provide services in more than 150 countries and territories.

All in to shape the future with confidence.

EY refers to the global organisation, and may refer to one or more, of the member firms of Ernst & Young Global Limited, each of which is a separate legal entity. Ernst & Young Global Limited, a UK company limited by guarantee, does not provide services to clients. Information about how EY collects and uses personal data and a description of the rights individuals have under data protection legislation are available via ey.com/privacy. EY member firms do not practice law where prohibited by local laws. For more information about our organisation, please visit ey.com.

© 2025 Ernst & Young. All Rights Reserved.

CI_10261.pptx. Produced by Creative (Ireland). 07/25. ED none.

The Irish firm Ernst & Young is a member practice of Ernst & Young Global Limited.

Ernst & Young, Harcourt Centre, Harcourt Street, Dublin 2, Ireland.

Information in this publication is intended to provide only a general outline of the subjects covered. It should neither be regarded as comprehensive nor sufficient for making decisions, nor should it be used in place of professional advice. Ernst & Young accepts no responsibility for any loss arising from any action taken or not taken by anyone using this material.

ey.com

